

Oifigeach Togra (EMPORIA4KT) - ar chonradh

I gcomhar le páirtneirí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach sa togra *EMPORIA4KT*, clár forbartha chun nualaíocht agus aistriú eolais a chur chun cinn idir lucht acadúil agus gnólachtaí in earnáil na mara. Tá an clár seo á mhaoiniú faoi chlár INTERREG (AA) de chuid an Aontais Eorpaigh.

An Ról:

Mar chuid d'fheidmiú an togra seo, tá post á thairiscint mar Oifigeach Forbartha sa Rannóg Taighde agus Forbartha Earnálacha ar bhunús conartha. Beidh an tOifigeach Togra freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre *EMPORIA4KT* atá le réachtáil sa Ghaeltacht agus a thacóidh le forbairt earnáil na mara sa Ghaeltacht.

Conradh suas le trí bliana atá i gceist leis an bpost seo a bheas lonnaithe in ArdOifig Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Dualgais:

Beidh an té a cheapfar freagrach as cuidiú le cur i bhfeidhm an togra *EMPORIA4KT* trí oibriú le gallshealbhóirí éagsúla san earnáil mara, go háirithe lucht taighde acadúil agus gnóthaí beaga agus meánmhéide chun nualaíocht agus aistriú eolais a chur chun cinn agus trí thograí taighde agus nuálaíochta dírithe ar an margadh a fhorbairt agus tionchar a imirt ar fhorbairt pholasaithe sa réimse seo.

An Duine:

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cáilíocht tríú leibhéal
- Taithí oibre ábhartha i réimse gaolmhar
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí
- Eolas / tuiscint ar earnáil na mara agus/nó scéimeanna Eorpacha ina bhuntáiste
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta
- Ardscileanna eagrúcháin, comhordaithe, ríomhaireachta agus riaracháin

Íocfar scála tuarastail idir €30,000- €35,000 sa bhliain ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Seol iarratas, mar aon le do CV as Gaeilge, roimh 4:00 i.n., 31ú Bealtaine 2019 chuig: foluntais@udaras.ie nó chuig:

An Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.

Is fostóir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge

a theanga oibre.